

An Triail

Téama an Scéil

Tá téama an scéil seo thar a bheith réadúil agus sochreidte. Scríobhadh an drama sna seascaidí, ach mar sin féin tá sé fós conspóideach agus suimiúil dúinn inniu. Is téama corraitheach é, le máthair shingil ag iarraidh a dícheall a dhéanamh dá leanbh ach gach rud ina haghaidh sa tsochaí. Cé nach bhfuil an dearcadh fimíneach agus claonaigeanta céanna ag muintir na hÉireann agus a bhí, is fadhb shóisialta í a thárlaíonn go minic fós inniu. Tréigeann na fir na mná agus bíonn siad imeallaithe ag an tsochaí. Téann na mílte bean fós as Éirinn go Sasana chun ginmhilleadh a fháil. Bíonn orthu - mar a bhí ar Mháire; "An ród atá romham caithfidh mé aghaidh a thabairt air i m'aonar."

Cé go bhfuil an córas sóisialta feabhsaithe go hiomlán tá an fhadhb mar an gcéanna. Bíonn na mná seo imeallaithe agus uaireanta féinmharfach de bharr a bhfadhbanna pearsanta, agus de thoradh an dearcadh fimíneach a bhí ag an bpobal, mar a léirigh na finnétithe os comhair na cúirte.

Sroicheann Máire deireadh na feide nuair a dhiúltaíonn Pádraig a shúile a chur ar a leanbh, agus nuair nach bhfuil an sagart in ann aspalóid a thabhairt di. Tá dearcadh claonaigeanta na heaglaise le brath freisin anseo. Léiríonn an t-údar go héifeachtach an deighilt idir an Eaglais Chaitliceach agus an charthanacht Chríostaí.

Is scéal tragóideach é a thugann pictiúr suarach ainnis dúinn don ghrá. Tá Máire bhocht meallta ag plámás Phádraig, ach nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil sí ag iompar clainne tréigeann sé í, mar is grá aontaobhach é. Cuireann fimíneacht an tsochaí an-bhrú uirthi agus ar a leanbh. Tá cumhacht as cuimse ag Pádraig uirthi agus nuair a fhaigheann sí amach nach bhfuil meas ar bith aige uirthi cloíonn sé a misneach. An oíche sin maraíonn sí a leanbh féin a bhí an méid sin grá aici di, agus ansin cuireann sí lámh ina bás féin.

Ní theastaíonn uaithi go mbeadh ar a hiníon an bealach céanna a thaisteal is a bhí uirthi féin: *"Ní bheidh sí ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear. Tá sí saor."* Sin é an fáth a mharaigh sí *"an leanbh a raibh oiread sin ceana aici uirthi."*

Is rud thar a bheith scanrúil agus tragóideach é go raibh uirthi an roghnú uafásach seo a thógáil chun éalú óna trioblóidí.

Na Pearsana

Má tá aon locht sa drama is é an léiriú ar na pearsana. Tá sé an-shimplí, agus ní dhéantar aon fhorbairt orthu tríd an scéil. Ní dóigh liom go mbeadh éinne chomh aineolach le Máire, nó go mbeadh aon mháthair chomh mídhaonna le Bean Uí Chathasaigh lena hiníon féin.

Máire

Is é scéal truamhéileach Mháire is bun leis an dráma. Is í an príomhcharachtair. Is bean óg soineanta í ag tús an scéil nach bhfuil taithí aici ar phlámásaí mar Phádraig. Meallann sé í go héasca lena chuid caint filíochta agus cuireann sé faoi gheasa í. Creideann sí gach rud a deireann sé agus ón uair sin tá sí ar bhóthar a haimhleasa. Tá sí ar bís nuair a deireann sé *"Is tú mo bhean feasta, is tú mo bhean chéile"*, ach ní thuigeann sí nach bhfuil ar Phádraig ach ainmhianta doshrianta na colainne a bhlaiseadh.

Tréigeann gach éinne í chomh luath is a fhaigheann siad amach go bhfuil sí ag iompar clainne. *"A Phádraig, ní raibh tú romham anocht mar a gheall tú."* Déanann a máthair iarracht ar an ngin a mhilleadh, mar *"ní aon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan, rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag an duine"*.

Feicimid neart Mháire anseo mar deireann sí: *"An ród atá romham caithfidh mé aghaidh a thabhairt air i m'aonar"*. Feicimid an láidreacht sin arís nuair a dhiúltaíonn sí na cáipéisí a shíniú chun a leanbh a thabhairt do na haltramaithe. Tá a neamhurchóideacht le brath

freisin áfach mar níor thuig sí **"rialacha na haltramachta"** agus baineadh geit uafásach aisti nuair a fuair sí amach cad a bhí i gceist.

Faigheann Máire ciall cheannaithe i rith an scéil ón mbladaireacht a fuair sí óna leannán agus óna mháthair. Sroicheadh sí deireadh na feide nuair a dhiúltaíonn Pádraig í agus a leanbh agus nuair a chuireann sé striapach uirthi, níl puinn dóchais fágtha aici. Roghnaíonn sí a réiteach uafásach féin chun éalú óna trioblóidí mar ní féidir léi aon dul as a fheiceáil. Ní ligfeadh sí dá leanbh dul uathí i ndorchacht na síoraíochta gan í féin in éineacht léi. B'fhéarr léi **"í féin a bhá san abhainn"** ná dul ag iarraidh cabhrú óna máthair nó óna leannán, agus anois beidh a hiníon saor, dar léi, agus is é a tuairim gurb é sin an rud is fearr is féidir léi a dhéanamh dá leanbh: **"Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur chailín í. Ní bheidh sí ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear. Tá sí saor."**

Bean Uí Chathasaigh

Tá beagáinín bá againn ag tús an scéil do máthair Mháire mar fágadh ina baintreach í sula saolaíodh a hiníon. Mar sin tá sí an-údarásach agus crua ar a clann, go háirithe ar a hiníon. Mar a deir Seán, **"Níl aon réasún ag Mam."** Tá brionglóid aici go mbeidh **"Seán ina shagart agus Máire sna mná rialta agus Liam i mbun na feirme."** Ní theastaíonn ar na páistí na bealaigh sin a roghnú, ach ní éistean sí leo ar chor ar bith mar tá sí ródhian orthu. Tá sí fimíneach chomh maith leis sin mar ar lámh amháin is bean chráifeach agus Chríostúil í, ach ar an lámh eile is beag an charthanacht a thaispeáineann sí do Mháire nuair a thuigeann sí go bhfuil sí ag iompar clainne. Ní dhéanann sí aon ní chun cabhrú léi ach déanann sí iarracht ar an ngin a mharú mar tá sé **"neamhghlar"**, agus tugann sí réiteach dá hiníon, **"fail réidh leis an leanbh nó dul go Sasana"** chun ginmhilleadh a fháil.

Níl bá ar bith aici dá hiníon, **"an duine a tharraing an náire sin orainn"** agus mar bhuille scoir cuireann sí **"striapach"** uirthi fiú. Níl áifeala dá laghad uirthi faoina hiompar féin ach oiread, mar sa reilig deir sí: **"Ná bítear ag féachaint ormsa, ní ormsa is cóir an milleán a chur. Thóg"**

mise í go creidiúnach agus go críostúil. Cad eile a d'fhéadfainn a dhéanamh di?"

Caithfimid a admháil go raibh saol crua aici, ach ní haon leithscéal é sin chun a bheith chomh dian is a bhí sí ar a clann agus go háirithe go raibh sí níos buartha faoi dhearcadh na gcomharsan ná faoina hiníon féin.

Pádraig MacCarthaigh

Is plámásaí amach is amach é agus meallann sé Máire go luath sa scéal lena chuid bhladaireacht. Is buachaill báire é mar tá a fhios aige go bhfuil cumhacht aige ar Mháire agus úsáideann sé é sin chun a shlí féin a bheith aige. Tuigeann sé go bhfuil Máire neamhurchóideach agus faigheann sé an lámh in uachtar uirthi go héasca. Ní tháisceáineann sé mórán measa ar mná ina iompar, is dóigh liom. Tá sé fimíneach freisin mar, os comhair an phobail, is duine measúil é, máistir scoile agus pósta. San oíche áfach, i ngan fhios d'éinne, tá sé ag bualadh le Máire, agus iarrann sé uirthi gan aon rud a rá le héinne. Taispeáineann an méid sin go dtuigeann sé go bhfuil éagóir á dhéanamh aige ar a bhean chéile féin, ach in ainneoin é sin bíonn sé ag gearán faoi na *"blianta de phurgadóireacht dom féin."*

Ní foláir gur fear leithleach é freisin mar tá sé sásta bualadh le Máire san oíche i ngan fhios d'éinne ach ní chuirtear an ruaig air as an gceantar mar a chuirtear ar Mháire. Cé go bhfuil a fhios ag na madraí sráide go bhfuil fear éigin ciontach is féidir le Pádraig a stádas árd measúil a choimeád i súile an phobail. Ní ghlacann sé le haon phíosa den milleán cé gurbh é ba chúis leis an dtrioblóid ó thosach an scéil. Is ar a shon féin atá sé i gcónaí.

Mailí

Is striapach í Mailí agus tá sí imeallaithe ag an tsochaí agus mar sin tá bá agus trua éigin aici do Mháire atá sa chruachás céanna. Is bean

dea-chroíoch í gan amhras agus is í an t-aon duine amháin a chabhraíonn le Máire sa scéal.

Is léir go raibh an-ghnaoi ar Mhailí ag na mná eile sa Teach Tearmainn, agus déanann sí iarracht Máire a tharraingt isteach sa chomhrá agus a spiorad a árdú. Nuair a thagann Máire tá Mailí ag ullmhú chun an Teach Tearmainn a fhágáil. Tá altramaí faighte aici, tá cead a cosa aici arís agus tá sí sásta le sin. Cuireann an *"óinsín tuaithe"* mar a ghlaonn sí ar Mháire ionadh uirthi mar níl a fhios aici faoi *"rialacha na haltramachta"*, ach cé go gcuireann sí fearg uirthi tá sí fós tuisceanach agus foighneach léi.

Tá láidreacht ag baint le Mailí freisin, rud a thaispeáineann sí nuair a dhiúltaíonn sí an post mar *"chúntóir tís"* a fuair an t-oibrí di. Dar léi, *"tá slite níos boige agam chun airgead a thuilleamh"*, ach ionas nach mbeadh Máire buartha fúithi, insíonn sí di go bhfuil post faighte aici i monarcha. Mar sin glacann sí le saontacht Mháire, rud nach ndéanann éinne eile sa scéal.

Is í an t-aon duine a thaispeáineann cairdeas agus carthanacht do Mháire nuair a thógann sí isteach í tar éis don teach a sceith ar a leanbh. Ina theannta sin faigheann sí post di sa teach céanna, ionas nach mbeadh uirthi a leanbh a fhágáil a thuilleadh. Tá neart Mhailí le brath arís nuair a mhíníonn sí do na haturnaetha go ndearna sí a dícheall ar son Mháire – nuair nach bhfuil siad sásta lena fianaise seasann sí ar a fód; *"don diabhal leis an mbeirt agaibh"* – agus ar aghaidh léi. Tá sí lách cineálta do Mháire, agus molann sí di: *"Croith suas tú féin, ná bí suite i gcónaí ag déanamh trua duit féin."* Is aingeal í dar le Máire ach *"aingeal dubh"* is ea í dar léi féin.

Is í Mailí a thagann ar choirp Mháire agus a leanbh tar éis an tragóid agus seasann sí lena cara go dtí an deireadh nuair a deireann sí: *"cailín dílis a bhí inti"*. Cé nach raibh Mailí glactha ag an tsochaí nó ag na heaglaise b'í an duine is mó a thaispeáin carthanacht chríostúil sa dráma.

Áine ní Bhreasail (an t-Oibrí Sóisialta)

Is fophearsan í sa drama agus ní dhéantar mórán dul chun cinn uirthi. Nuair a fhaigheann Bean Uí Chinsealaigh amach go bhfuil Máire ag iompar clainne teastaíonn uaithi í a chur chun bóthair, ach ag an am céanna braitheann sí go bhfuil dualgas uirthi socrú éigean a dhéanamh do Mháire, agus mar sin cuireann sí fios ar an t-oibrí sóisialta. Ní thaispeáineann Bean Uí Bhreasail bá nó carthanacht dá laghad do Mháire. Níl uaithi ach a fadhb féin a réiteach. Luann sí "*tríoblóidí*" Mháire seachas a rá go bhfuil sí ag iompar clainne, agus molann sí di "*dearmad a dhéanamh ar na cúrsaí truamhéileacha seo.*"

Tá aithne sármhaith ag na mná sa Teach Tearmainn ar an t-oibrí sóisialta nó "*Áine an bhéal bhinn*" mar a thugann siad di. Ní thuigeann sí an grá a bhíonn idir máthair agus leanbh ar chor ar bith, ach taobhaíonn sí leis an uasaicme i gcónaí. Cuireann sí brú ar na mná na cáipéisí a shíniú, mar, dar léi féin, bheadh Máire ag cur a leanbh "*ar bhealach a haimhleasa*".

Tá a meon caolaigeanta agus a heaspa charthanachta le brath os comhair na cúirte, mar tá sí lánchinnte go ndearna sí gach rud i gceart, ach go raibh Máire "*stuacach ceandána*". Tá sé níos tábhachtaí di a dualgas mar oibrí sóisialta os comhair an tsochaí a dhéanamh, ná an bá ba cheart di a bheith aici do Mháire.

Seáinín an Mhótair

Tagann Seáinín isteach ag deireadh Gníomh 1 chuig Teach Tearmainn. Tá díomá ar na mná nuair a fheiceann siad an "*firín feosaí meánaosta*" seo. Tá a fhios aige láithreach go bhfuil Máire difriúil leis na mná eile, "*nóinín i measc na neantóg*" dar leis, agus molann sé di iad a sheachaint. Taispeáineann sé ciall freisin mar nuair atá na mná ag coimeád na beartanna uaidh, bagraíonn sé an mátrún orthu agus faigheann sé a thoil. Nuair a mbuailimid le Seáinín arís nuair a thiteann an teach ar Mháire agus ar a leanbh, taispeáineann sé go bhfuil sé lách agus carthanach. "*Tabharfaidh mé*

tú aon áit is mian leat" ar seisean, nuair a fheiceann sé nach bhfuil éinne ag tabhairt lóistín do Mháire. Ag an reilig deireann sé; "*Cé a deir gur tír Chríostúil í seo, tír a thiomáineann Máire chun lámh a chur ina bás féin agus a leanbh a dhúnmharú.*" Tá fíor-thrua aige di.

Liam Ó Cathasaigh (dearthair Mháire)

Is é an mac is sine sa chlann, agus i bplean a mháthair beidh sé i mbun na feirme, agus mar thaca di ina seanaois. Insíonn sé bréaga dá mháthair nach bhfuil sé sa tóir ar Bheití de Búrca, ach ansin éalaíonn sé amach an fhuinneog san oíche chun bualadh léi. Tá sé leithleach mar tar éis an rince bhí sé ag siúl abhaile le Beití, agus ba chuma leis faoi Mháire nó conas a bhí ag éirí léi. Níl trua ar bith aige dá dheirfiúr, fiú nuair a fhaigheann a mháthair amach go bhfuil Máire ag iompar clainne. Nuair a thugann Bean Uí Chathasaigh íde béil dá clann, cuireann sé an milleán ar Mháire, mar dar leis, "*Tá an oíche loite agat orm.*" I ndeireadh an dráma, fiú, níl áiféala dá laghad air nár chabhraigh sé lena dheirfiúr ach tá sé báite i bhféintrua mar chaill sé Beití de bharr scannal Mháire. Is beag rian den charthanacht a thaispeáineann sé, agus ní theastaíonn uaidh ach an locht a chur de: "*Ní ormsa is coir aon phioc den mhilleán a chur Ní mise a coimeádaí.*"

Seán Ó Cathasaigh (dearthair Mháire)

Tá sé ar intinn ag Seán bheith ina shagart, agus aontaíonn sé seo le plean a mháthair, go mbeadh sé scríofa ar a fógra báis: "*Ise ba mháthair do Sheán Ó Cathasaigh, sagart paróiste.*" Tá sé fiosrach, mar is é an céad duine a thugann faoi deara faoi gcruachás a dheirfiúr: "*Is minic a bhíonn sí breoite ar maidir*", agus "*ní ghlacann sí Comaoineach Naofa.*" Insíonn sé dá mháthair an méid seo, agus mar sin deireann sí gurb é Seán "*an t-aon duine amháin a bhfuil muinín agam as.*"

Níl an t-arnae sásta leis áfach, mar dar leis tá sé míthuisceanach. Níl Seán in ann seasamh ar a bhonnaibh féin, mar taobhaíonn sé lena

mháthair in aghaidh a dheirfiúr, an duine a tharraing *“náire i láthair na gcomharsan”* orthu. Deir sé gur pheacaigh Máire in aghaidh Dé nuair a d'éirigh sí torrach agus *“Ba chóir bheith dian uirthi”*, dar leis. Is dóigh liom go bhfuil tionchair ag a chomhscoláirí sa choláiste i Maigh Nuad ar a thuairimí freisin, ach níl amhras ach go bhfuil sé an-chrua ar a dheirfiúr.

Colm Ó Sé (máistir scoile)

Is é Colm a bhí mar mháistir rince ag an rince sa teach scoile. D'iarr sé ar Mháire amhrán a chasadh agus chan sí *“Siúil, a Ghrá”*. Ansin chuir sé Pádraig in aithne di. Tá seans go raibh a fhios aige cén sórt duine é Pádraig, mar dúirt sé leis: *“Tabhair aire mhaith di, a Phádraig, tá sí ag dul sna mná rialta”*. Níos déanaí, os comhair na cúirte, deireann sé *“Ná cuirtear an milleán ormsa – ní dhearna mise ach iad a chur in aithne dá chéile.”* Chun cothram na féinne a thabhairt dó ní féidir linn an locht a chur air mar ní raibh a fhios aige cad a tharla an oíche siúd tar éis an rince.

Ar an lámh eile, áfach, tá Colm cosúil lena chara, agus nuair a thagann sé agus Pádraig go dtí teach an mhíchlu is beag an difríocht atá le feiceáil eatarthu. Taispeáineann sé nach bhfuil mórán measa aige ar mhná, agus tá taobh searbhasach nimhneach dó le brath nuair a deireann sé: *“Ólaimis sláinte gach aon óinsín tuaithe ar leor focal bog bladrach chun í a mhealladh.”*

Léiríonn Colm agus Pádraig dímheas ar mhná a bhí coitianta ag fir sa tsochaí an uair sin. Cé go raibh siad bréagach agus fimíneach bhí árdmheas ag daoine orthu toisc gur mháistrí scoile iad.

Bainisteoir na Monarchan

Is fear cainteach é an bainisteoir a bhfuil fíricí agus figiúirí ar bharr a theanga aige. Tugann sé post deas bog do Mháire ag glanadh na leithreas, agus trí phúnt sa tseachtain, *“Is mó ná an gnáthráta pá dá leithéid”*, dar leis, mar níl aon scileanna aici.

D'inis Máire dó gur baintreach í agus tugann sí an t-ainm bréagach Bean Uí Laoire uirthi féin. Mar sin tá trua ag an mbainisteoir dí, agus tá sé lách cineálta di i ndáiríre: tugann sé "*bronntanas beag airgid*" di fiú. Nuair nach dtagann sí ar ais ag obair, seolann sé an mátrún chun cainte léi, "*Rud inmholta*" dar leis an aturnae. Mo léan, áfach, ní raibh an teach ina raibh Máire ag fanacht ann a thuilleadh. Ní féidir linn an locht a chur ar an mbainisteoir, mar d'inis Máire bréaga dó, agus "*rinne sé a dhicheall di*". Dá mbeadh an fhírinne ar eolas aige, b'fhéidir go gcabhródh sé le Máire agus lena leanbh, ach, ar an drochuair, ní bheidh a fhios againn go deo.

An Cheist

Déan plé ar an bpáirt a ghlacann do rogha beirt díobh seo a leanas sa dráma agus ar an mbaint atá acu leis an bpríomhphearsa: Bean Uí Chathasaigh; Bean Uí Chinsealaigh; Pádraig Mac Cárthaigh; Mailí; Seáinín an Mhótair.

An Freagra

(i) Bean Uí Chathasaigh

Is í Bean Uí Chathasaigh máthair Mháire. Glacann sí páirt thábhachtach sa dráma seo. Bheifeá ag ceapadh, os rud é gur máthair í féin, go mbeadh trua aici dá hiníon, Máire, nuair ba léir di go raibh Máire ag iompar linbh.

A mhalairt ar fad atá fíor, áfach.

Baintreach is ea Bean Uí Chathasaigh. Ar an ábhar sin bhí uirthi an chlann a thógail gan chabhair ó aon duine: "*mé mar mháthair agus mar athair oraibh in éineacht.*"

Is duine údarásach, tiarnúil, cruálach í. Coinníonn sí smacht righin ar a chlann. Tá faitíos an domhain ar na páistí roimpi. Tá pleananna móra saoil leagtha amach aici don triúr acu. Beidh Seán ina shagart, dar léi. Beidh Liam i mbun na feirme. Beidh Máire ina bean rialta.

Bean láidiraigeanta í. An rud is tábhachtaí ina saol ná tuairim agus dearcadh na gcomharsan ina leith. Nuair a bhí sí os comhair na cúirte, dúirt sí nár choir aon phioc den mhilleán a chur uirthi mar

gheall ar ghníomhartha a hiníne: "*Thóg mise go creidiúnach agus go críostúil í,*" ar sise. "*Mé náirithe os comhair na gcomharsan, iad ag síneadh a méara fúm agus ag magadh fúm.*"

Caitheann sí go dona le Máire nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil sí ag iompar clainne. Arís, is é an rud is mó atá ag cur as di ná tuairim na gcomharsan. Cuireann sí brú ar Mháire athair an linbh a ainmniú a phósadh. Deir sí, muna bpósann sé í, go mbeidh siad náirithe os comhair an pharóiste. Deir sí nach ligfear Seán isteach i Maigh Nuad le bheith ina shagart: "*Mallacht ar an té a tharraing an náire seo anuas orainn,*" ar sise. "*Agus mallacht Dé anuas ortsa, a striapach.*"

Tá sé soiléir nach bhfuil puinn daonnachta ag roinnt le Bean Uí Chathasaigh. Tugann sí bata agus bóthar do Mháire agus diúltaíonn sí aon chabhair a thabhairt di. Na tréithe a léiríonn sí, is tréithe iad a bhí coitianta go maith in Éirinn go dtí deich mbliana is fiche nó mar sin ó shin. I súile an phobail is bean chríostúil, chráifeach í, ach i ndáiríre, níl inti ach bean fhuar, dhoicheallach, mhídhaonna, fimíneach ceart.

(ii) Mailí

Cara de chuid Mháire í Mailí. Cuireann Máire aithne uirthi den chéad uair nuair a théann sí go dtí an Teach Tearmainn (cineál Teach Maigdiléana do chailíní óga torracha ag an am sin). Tá Mailí sa chás céanna le Máire. Ach, neamhchosúil le Máire, is cailín glic, gealgháireach, croíúil í. Tá altramaí faighte dá leanbh agus tá sí breá sásta leis an socrú sin: "*Is é an t-altramaí an duine is tábhachtaí san áit seo,*" ar sise.

Tá Mailí an-cheanúil ar Mháire. "*Óinsín cheart*", a thugann sí uirthi, ach deir sí léi go mbeidh fáilte roimpi ina hárasán nuair a bheidh an Teach Tearmainn fágtha ina diaidh aici ag Máire.

Thairg an tOibrí Sóisialta post do Mhailí, ach níor ghlac sí leis. Bhí "*slite níos boige*" ar eolas aici chun airgead a thuilleamh. Ceann de na "*slite*" sin ná ceird an striapachais.

Nuair a thit an teach ar Mháire ina dhiaidh sin, ba í Mailí a thug dídean di. Tháinig Mailí i gcabhair uirthi nuair nach raibh duine ar bith eile sásta cabhrú léi. Dúirt sí léi go mbeadh bean an tí sásta ligean di fanacht sa teach saor ó chíos dá gcoimeádfadh sí an teach glan.

Bhí Máire an-bhuíoch di.

"Is aingeal tú, a Mhailí," ar sise.

"Aingeal dubh mé, go bhfóire Dia orm!" arsa Mailí.

Ba í Mailí an t-aon chara a bhí ag Máire. Bhí trua aici di agus thuig sí an cruachás ina raibh sí. Bhí croí mór ag Mailí.

Feicimid an chodarsnacht idir Mailí agus máthair Mháire, Bean Uí Chathasaigh, agus bean eile sa dráma, nach bhfuil trua ná trócaire ar bith ag baint léi, Bean Uí Chinsealaigh. Tá daonnacht agus carthanacht i Mailí, rudaí nach bhfuil sa bheirt eile in aon chor.

Ag deireadh an drama is ag Mailí atá an focal scoir:

"Cailín dílis a bhí inti go ndéana Dia trócaire ar a hanam agus ar anam gach peacaigh eile mar í. Go ndéana Dia trócaire orthu ar aon."

An Cheist

Luaigh agus léirigh bua amháin agus laige amháin a bhaineann leis an dráma seo, dar leat.

An Freagra

(i) Bua amháin

An bua is mó a ghabhann le 'An Triail' mar dhráma, im'thuairimse, ná an stíl drámaíochta a chleachtann an drámadóir, Máiréad Ní Ghráda, ann.

Is dráma láidir corraitheach é. Tá an plota agus an téama conspóideach (controversial) agus tráthúil (timely). Faighimid léargas ann ar shaol na hÉireann agus ar dhearcadh an phobail i gcoitinne i leith ceann de mhórfhadhbanna sóisialta agus moráltachta na haoise seo: cailín óg truamhéileach a raibh páiste aici le fear pósta.

Tugtar le tuiscint dúinn sa dráma seo go ndéantar cailín mar seo a dhíbirt, a imeallú agus a chéasadh. Feicimid go soiléir an fhimíneacht (hypocrisy) atá go forleathan sa tír seo.

Díríonn an drámadóir ár n-aire ar an scoilt idir an chríostaíocht agus an charthanacht, idir saontacht Mháire agus an domhain mór doicheallach atá timpeall uirthi. Íobartach í Máire. Fulaingíonn sí an t-uafás. Maraíonn sí a hiníon agus cuireann sí lámh ina bás féin, mar go bhfuil sí tréigthe ag a muintir, ag a leannán agus ag an bpobal.

Dírítear ár n-aire sa dráma seo ar sheasamh sóisialta na mban in Éirinn sna caogaidí.

Cuireann Máiréad Ní Ghráda dráma práinneach os ár gcomhair. Tá cuid mhór den scéal suite sa seomra cúirte. Baintear leas as na haturnaetha agus an triail chúirte le dul i bhfeidhm orainne, an lucht féachana. Fágтар fúinn ár mbreith féin a thabhairt i leith an chailín óig. Tarraingítear isteach sa dráma sinn. Is finnétithe muid. Tá orainn breith a thabhairt ar an gcineál sochaí as a n-eascraíonn imeachtaí uafásacha an dráma. Tá práinn mhór ag baint lenár bpáirt féin ann.

Cleas eile a úsáideann an drámadóir ná 'iardhearcadh' (flashback). Téann imeachtaí an dráma seo siar is aniar an t-am go léir. Teicníc éifeachtach í seo, a chuireann go mór leis an atmaisféar agus leis an teannas.

(ii) Laige amháin

An laige is mó atá sa drama seo, dar liom, ná easpa doimhneachta na gcarachtar ann. Ní dóigh liom go ndéantar a dhóthain forbartha ar na carachtair. Leagtar an bhéim ar fad, nach mór, ar an bplota agus ar imeachtaí an drama.

Tá formhór na gcarachtar róshimplí, ró 'dubh agus bán' dar liom. Níl iontu ach comharthaí sóirt chun an scéal a nochtadh dúinne, an lucht féachana.

Tóg Máire, mar shampla. Cailín óg soineanta neamhurchóideach í. Tosaíonn sí ag siúl amach le máistir scoile pósta i bparóiste beag faoin tuath. Creideann sí gach a ndeireann sé. Ligeann sí dó cumhacht iomlán a fháil uirthi, idir anam agus corp. Níl sí sásta a ainm a lua le haon duine, fiú nuair a thuigeann sí nach bhfuil ann ach duine gránna.

Ní dóigh liom go bhfuil Máire múnlaithé ná forbartha a dóthain mar charachtar. Baineann an laige chéanna le formhór na gcarachtar eile: cléireach na cúirte, Bean Uí Chinsealaigh, Áine Ní Bhreasail, an sagart agus bainisteoir na monarchan.

Is beag daonnacht, doimhneacht ná substaint atá le sonrú sna carachtair. Níl iontu ach pearsana éadoimhne. Maidir le Pádraig Mac Cárthaigh, Bean Uí Chathasaigh agus Mailí, measaim go ndéantar forbairt bheag éigin orthu.

Ar ndóigh, creidim gur d'aon ghnó a tharla sé seo. Bhí sé i gceist ag Máiréad Ní Ghráda scéal láidir tragóideach a chur os ár

gcomhair. B'ín a príomhdhualgas mar dhrámadóir, dar léi. Creidim go raibh an ceart aici sa mhéid sin.

Maidir le Máire, an príomhphearsa, áfach, ní dóigh liom go ndéantar dóthain forbartha ar a carachtar. Is dóigh liom gur laige mhór é sin.

Ceisteanna Scrúdaithe

2014

4A. An Triail

“Is spéisiúil an léiriú a dhéantar sa dráma *An Triail* ar an gcineál duine i Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire, agus ar an gcaoi a gcuireann sí leis an tragóid i saol Mháire.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

2013

4A. An Triail

Déan plé ar an bpáirt a ghlacann Pádraig Mac Cárthaigh sa dráma *An Triail* agus ar an tionchar atá aige ar shaol Mháire Ní Chathasaigh.

(40 marc)

2012

4A. An Triail

“Fulaingt Mháire Uí Chathasaigh agus fimíneacht na sochaí ina leith is mó a léirítear sa dráma *An Triail*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

2011

(a) AN TRIAIL

(40 marc)

- (i) ‘Léiríonn na pearsana Pádraig Mac Cárthaigh agus Mailí sa dráma *An Triail* dhá thaobh chontrártha den saol inar mhair Máire Ní Chathasaigh.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

nó

- (ii) ‘Cuireann príomhchoimhlíntí an dráma *An Triail* go mór lenár dtuiscint ar shaol na hÉireann ag am a scríofa.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

2010

(a) AN TRIAIL

(40 marc)

- (i) “Fásann príomhchoimhlíntí an dráma as lochtanna nó duáilcí daonna a cheiltear faoi chosúlacht an ghrá.”

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt don dráma *An Triail*.

nó

- (ii) “Is iomaí teicníocht dhrámata a úsáidtear sa dráma *An Triail* chun forbairt a dhéanamh ar an bpríomhthéama.”

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do dhá theicníocht dhrámata, ar a laghad.

2009

(a) AN TRIAIL

(40 marc)

- (i) “Na fir is cúis le cuid mhór de thrioblóidí an tsaol sa dráma *An Triail*.”

An ráiteas sin a phlé maidir le **beirt** de na fir sa dráma *An Triail*.

nó

- (ii) “Tugtar léiriú maith sa dráma seo *An Triail* ar chás na máthar aonair in Éirinn sna seascaidí.”

An ráiteas sin a phlé.

2008

(a) AN TRIAIL (40 marc)

- (i) “Ní ormsa is cóir aon phioc den mhilleán a chur.”

Déan plé ar fhírinne an ráitis sin maidir le **bheirt** de na carachtair seo a leanas sa dráma *An Triail*:

Seán Ó Cathasaigh; Bean Uí Chinnsealaigh; Bainisteoir na monarchan; Bean an lóistín.

nó

- (ii) Déan plé ar na buanna **agus / nó** ar na lochtanna a bhaineann leis an léiriú stáitse a dhéantar ar príomhchoimhlint an dráma seo *An Triail*.

2007

(a) AN TRIAIL (40 marc)

- (i) “Bíonn dualgais agus freagrachtaí ag baint le ról na máthar i gcónaí ach is léir gur theip ar **bheirt** mháithreacha maidir leis na gnéithe seo dá gcúram sa dráma seo.”

Déan plé ar an ráiteas sin i bhfianaise an dráma *An Triail*.

nó

- (ii) Tionchar na himní **agus** na náire ar imeachtaí an dráma *An Triail* a phlé.

2006

(a) AN TRIAIL (40 marc)

- (i) “Tá fimíneacht nó mímhacántacht le feiceáil i mbeagnach gach gné den saol mar a léirítear sa dráma seo é.”

Déan plé ar an ráiteas sin i bhfianaise an dráma *An Triail*.

nó

- (ii) “Cuireann na teicníochtaí drámata a mbaineann Máiréad Ní Ghráda úsáid astu le príomhchoimhlint an dráma *An Triail*.”

É sin a phlé i gcás do rogha teicníochtaí sa dráma *An Triail*.

2005

(a) AN TRIAIL (40 marc)

- (i) “I gcás na príomhphearsan Máire Ní Chathasaigh, sa dráma seo, d’fhéadfaí a rá gur uirthi féin atá cuid mhór den locht sa chríoch thragóideach a bhí uirthi.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

nó

(ii) “Is léiriú an-diúltach ar an saol in Éirinn sna seascaidí a chuirtear os ár gcomhair sa dráma seo.”

Déan plé ar an ráiteas sin maidir leis an dráma.

2004

(i) “Is iad na mionphearsana is mó a léiríonn suáilc **agus** duáilc an duine sa dráma seo.”

Déan plé ar an ráiteas sin I gcás do rogha **beirt** de na mionphearsana seo a leanas: Bean Uí Chinsealaigh, Mailí, Liam Ó Cathasaigh, Seáinín an Mhótair.

nó

(ii) Déan plé ar an gcaoi a n-éiríonn (nó nach n-éiríonn) leis an údar an choimhlint ghéar atá in intinn Mháire a chur i gcion ar an lucht féachana.

2003

(i) Scríobh tuairisc **ghairid** ar an bpáirt a ghlacann do rogha **beirt** de na pearsana seo sa dráma agus ar an gcaoi a gcuireann siad le cur chun cinn an phlota. Mailí, Bean Uí Chathasaigh, Áine Ní Bhreasail.

nó

(ii) Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí is a chuirtear an choimhlint agus an teannas os ár gcomhair sa dráma seo.

2002

(i) ‘Is iomaí riail a briseadh sa dráma seo.’
Déan plé **gairid** ar an pháirt a ghlacann briseadh rialacha sa dráma seo maidir le DHÁ CHEANN de na rialacha úd.

nó

(ii) Déan plé **gairid** ar an chodarsnacht a bhí idir an bheirt charachtar, Bean Uí Chathasaigh, máthair Mháire, agus Mailí, an striapach. Déan tagairt speisialta don tionchar a bhí acu ar phríomhimeachtaí an dráma.

2001

- (i) “Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur cailín í. Tá sí saor. Ní bheidh sí ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear.”
Déan plé ar an pháirt a ghlacann na fir sa dráma seo agus ar an léiriú a dhéantar orthu.

nó

- (ii) Déan trácht ar an tragóid a léirítear sa dráma seo agus ar an gcaoi a gcuirtear an tragóid sin os ár gcomhair.

Ceist Shamplach

- (i) “Briseadh rialacha, sárú geasa is bun le tragóid go traidisiúnta.”
Déan trácht ar **dhá cheann** de na rialacha a briseadh agus ar an gcaoi a gcabhraíonn briseadh na rialacha seo le gné na tragóide a léiriú sa dráma seo.

nó

- (ii) Déan plé ar a bpáirt a ghlacann do rogha **beirt** díobh seo thíos sa dráma agus ar mbaint atá acu leis an bpríomhphearsa:- Seán Ó Cathasaigh, Bean Uí Chinsealaigh, Mailí, Seáinín an Mhótair.

Ceist Shamplach

- (i) Cé gur fhulaing Máire go leor i rith a saoil, bhí sé tuillte aici. An tuairim sin a phlé.

nó

- (ii) “Is beag den trua a bhraitear sa dráma seo.”
É sin a phlé.